Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Samhain 2018**
**(OR. en)**

**13921/18**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2014/0257(COD)**

**CODEC 1901**
**AGRILEG 189**
**VETER 79**
**PHARM 54**
**MI 800**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE **(an chéad léamh)**<br>-- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 16 Meán Fómhair 2014, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE agus ar Airteagal 168(4)(b) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Ar an 25 Deireadh Fómhair 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh, ar an gcéad léamh, maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[2].

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 21 Eanáir 2015[3].

[1] 13289/14.
[2] 13328/18.
[3] IO C 242, 23.7.2015, lch. 39.

4. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle

   - an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 45/18 é, a fhormheas mar ítim "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo agus Poblacht na Seice ag staonadh ón vótáil;

   - a ordú go ndéanfar na ráitis atá in aguisín 1, a ghabhann leis an nóta seo, a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

   Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   I ndiaidh d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle an gníomh reachtach a shíniú, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.